


# Sa Bhialann

An samhradh seo caite bhí Uncail Pól ar saoire ó Shasana. D'fhan sé i dteach Mhuintir Uí Mhurchú ar feadh seachtaine. Lá amháin chuaigh na páistí, Liam agus Nóra, in éineacht leis ag taisteal **ar fud na tíre.** Um thráthnóna bhí **ocras an domhain** orthu. Thóg a n-uncail isteach i mbialann iad. Bhí áthas ar an mbeirt mar ní raibh siad riamh in áit chomh **galánta.** Chuir bainisteoir na bialainne fáilte rompu. Dúirt Uncail Pól go raibh bord le haghaidh triúir ag teastáil. Threoraigh sé go dtí bord folamh iad agus shuigh siad síos. Tháinig freastalaí anonn chucu agus thug sí **biachlár** dóibh. Bhreathnaigh siad ar an mbiachlár ach níor éirigh leis na páistí é a léamh. Bhí cuid mhaith den bhiachlár i dteanga iasachta. D'ordaigh a n-uncail an bia dóibh. Scríobh an freastalaí ar a leabhar-nótaí agus ansin d'imigh sí isteach sa chistin. Bhí Liam ag féachaint ar na daoine go léir a bhí ag ithe béilí breátha timpeall air. Bhí Nóra ag breathnú ar an gcairpéad álainn agus ar na cuirtíní daite. Thug an freastalaí seadóg don triúr i dtosach. Ansin fuair siad anraith. Dhoirt Liam braon den anraith ar an éadach boird. D'fhéach an bainisteoir go géar air nuair a bhí sé ag gabháil thart. Don phríomh-chúrsa bhí stéig acu. Chuir an freastalaí oinniúin, prátaí agus **sceallóga prátaí** ar na plátaí freisin. Cheap Liam go raibh an stéig beagáinín righin ach d'ith sé a dhóthain. Thaitin an béile go mór le Nóra. Mar **mhilseog** bhí **uachtar reoite** ag Liam agus **cáca úll** agus **uachtar** ag Uncail Pól agus Nóra. Bhí cupán tae acu ansin. Thug an freastalaí an bille dá n-uncail. **Ba bheag nár thit an t-anam** as Liam nuair a chonaic sé costas an bhéile. Bhí na páistí an-bhuíoch dá n-uncail.

**A. Foclóir**

**bialann,** restaurant
**galánta,** elegant
**bainisteoir,** manager
**biachlár,** menu
**seadóg,** grapefruit

**Ag Gabháil Buíochais: Deirtear:**

Go raibh maith agat.
Go raibh míle maith agat.
Táim buíoch díot. freagra: Tá fáilte romhat.
Go méadaí Dia do stór.
Go soirbhí Dia tú.

**B. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cá ndeachaigh na páistí lena n-uncail lá?
   — go dtí an cluiche i Luimneach.
   — cois farraige.
   — ag taisteal ar fud na tíre.
2. Cén fáth ar thóg a n-uncail isteach i mbialann iad?
   — chun an áit a thaispeáint dóibh.
   — chun béile a cheannach dóibh.
   — chun leabhair a léamh istigh ann.
3. Cad a rinne an freastalaí nuair a tháinig sí anonn chucu?
   — D'iarr sí orthu suí síos.
   — Thug sí béile dóibh.
   — Thug sí biachlár dóibh.
4. Cén fáth ar fhéach an bainisteoir go géar ar Liam?
   — Dhoirt sé anraith ar an éadach boird.
   — Thit sé den chathaoir.
   — Thosaigh sé ag béicigh.

**C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Chuir bainisteoir na bialainne fáilte - .
2. Threoraigh sé go dtí bord folamh iad agus --.
3. Scríobh an freastalaí ar a -.
4. Bhí Nóra ag breathnú ar -- agus --.
5. Don phríomhchúrsa bhí - -.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cathain a bhí Uncail Pól ar saoire ó Shasana?
2. Cén fáth a raibh ocras an domhain ar na páistí?
3. Cén fáth a raibh áthas ar an mbeirt?
4. Cad a scríobh an freastalaí ina leabhar-nótaí?
5. Cén fáth ar ordaigh a n-uncail an béile dóibh?
6. Cad a bhí acu don dinnéar?
7. Cad d'ith Liam agus Nóra mar mhilseog?
8. Cá bhfios duit go raibh an béile an-daor?

**Gramadach 3**

1. 'Ba bheag nár thit an t-anam **as Liam** nuair a chonaic sé costas an bhéile".
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
2. "Bhí **Liam** ag féachaint ar na daoine go léir timpeall air".
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
3. **Scéal**
   **Rug Síle ar a rothar inné. Chuaigh sí ag rothaíocht faoin tuath. Chonaic sí coinín ar thaobh an bhóthair. Chuala sí na héin ag canadh. Fuair sí dhá úll i siopa ar thaobh an bhóthair. Thug sí ceann amháin dá cara. Duirt sí léi é a ithe. D'ith sí féin an t-úll eile. Tháinig sí abhaile um thráthnóna. Rinne sí obair dá Mamaí. Bhí sí sásta léi féin.**

   **Scríobh amach an scéal arís ag tosú mar seo:**
   **Rugamar ar ár rothair inné --------------**